**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1319 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 28 Meitheamh 2023**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2126 chun athbhreithniú a dhéanamh ar leithdháiltí bliantúla astaíochtaí na mBallstát don tréimhse ó 2023 go 2030**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 4(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2126 ón gCoimisiún ([2]), leagtar amach leithdháiltí bliantúla astaíochtaí na mBallstát don tréimhse ó 2021 go 2030 i gcomhréir le hAirteagal 4(1), (2) agus (3) de Rialachán (AE) 2018/842 agus na coigeartuithe dá bhforáiltear in Airteagal 10 de.

(2) Le Rialachán (AE) 2023/857 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), leasaíodh, i measc nithe eile, Airteagal 4(2) agus (3) de Rialachán (AE) 2018/842, agus bunaíodh an modh chun na teorainneacha bliantúla maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a ríomh a cheanglaítear ar gach Ballstát a urramú sna blianta 2023 go 2030.

(3) Is gá, dá bhrí sin, na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2126 a athbhreithniú.

(4) Ba cheart an t-athbhreithniú ar na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí a theorannú dóibh siúd a leithdháileadh do na blianta 2023 go 2030, ós rud é nár leasaíodh le Rialachán (AE) 2023/857 teorainneacha na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa is infheidhme maidir leis na blianta 2021 agus 2022. Mar sin féin, ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2126 a ionadú ina hiomláine.

(5) Na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí le haghaidh gach Ballstáit do na blianta 2023, 2024 agus 2025, tá siad le bunú ar bhonn conair líneach a thosóidh in 2022 ag an leithdháileadh bliantúil astaíochtaí i gcás Ballstát ar leith agus a chríochnóidh in 2030 ag an teorainn a leagtar síos don Bhallstát i dtrácht mar a leagtar amach sa tábla, colún 2, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/842.

(6) Na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí le haghaidh gach Ballstáit do na blianta 2026 go 2030, tá siad le bunú ar bhonn conair líneach a thosóidh ar mheán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa in 2021, 2022 agus 2023 de chuid an Bhallstáit sin. Cinnfear an meán sin tar éis athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar shonraí an fhardail arna gcur isteach ag na Ballstáit do na blianta 2021, 2022 agus 2023. Déanfaidh an Coimisiún an t-athbhreithniú cuimsitheach sin in 2025, le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil. Go dtí go ndéanfar an t-athbhreithniú cuimsitheach sin, ní chinnfear na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí do na blianta 2026 go 2030 fós.

([1]) IO L 156, 19.6.2018, lch. 26.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2126 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2020 maidir le leithdháiltí astaíochtaí bliantúla na mBallstát a leagadh amach don tréimhse ó 2021 go 2030 de bhun Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 426, 17.12.2020, lch. 58).

([3]) Rialachán (AE) 2023/857 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/842 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 (IO L 111, 26.4.2023, lch. 1).

(7) Tá luachanna na leithdháiltí bliantúla astaíochtaí do na blianta 2023, 2024 agus 2025 le coigeartú, de bhun Airteagal 10(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2018/842. Astaíochtaí gás ceaptha teasa ó shuiteálacha do-aistrithe atá eisiata ó Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 27 de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), de réir mar a thug na Ballstáit fógra ina leith don Choimisiún faoin Airteagal sin, a mhéid a dhéantar iad a eisiamh ó uasteorainn astaíochta an Aontais faoin Treoir sin do 2021 ar aghaidh, tagann siad faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2018/842. Dá bhrí sin, cuirtear na cainníochtaí a asbhaintear ón uasteorainn le leithdháiltí bliantúla astaíochtaí na mBallstát ábhartha do na blianta 2023, 2024 agus 2025.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2126 a leasú dá réir.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Athrú Aeráide,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2126.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Meitheamh 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

*IARSCRÍBHINN*

*"IARSCRÍBHINN II*

**Leithdháiltí bliantúla astaíochtaí le haghaidh gach Ballstáit do gach bliain ó 2021 go 2030 de bhun Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2018/842, arna gcoigeartú i gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán sin**

| An Ballstát | Luach coigeartaithe an leithdháilte bhliantúil astaíochtaí i dtonaí de choibhéis $CO_2$ | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | 2028 | 2029 | 2030 |
| An Bheilg | 71 141 629 | 69 130 741 | 65 895 769 | 62 660 796 | 59 425 824 | - | - | - | - | - |
| An Bhulgáir | 27 116 956 | 25 159 860 | 24 526 596 | 23 893 332 | 23 260 068 | - | - | - | - | - |
| An tSeicia | 65 984 531 | 60 913 974 | 59 309 017 | 57 704 060 | 56 099 103 | - | - | - | - | - |
| An Danmhairg | 32 127 535 | 31 293 868 | 29 905 140 | 28 516 412 | 27 127 684 | - | - | - | - | - |
| An Ghearmáin | 427 306 142 | 413 224 443 | 391 872 325 | 370 518 122 | 349 163 918 | - | - | - | - | - |
| An Eastóin | 6 223 937 | 6 001 620 | 5 840 050 | 5 678 481 | 5 516 911 | - | - | - | - | - |
| Éire | 43 479 402 | 42 357 392 | 40 520 068 | 38 682 744 | 36 845 421 | - | - | - | - | - |
| An Ghréig | 46 227 407 | 46 969 645 | 47 184 382 | 47 399 120 | 47 613 857 | - | - | - | - | - |
| An Spáinn | 200 997 922 | 198 671 005 | 192 805 142 | 186 904 935 | 181 004 728 | - | - | - | - | - |
| An Fhrainc | 335 726 735 | 326 506 522 | 312 021 691 | 297 535 364 | 283 049 038 | - | - | - | - | - |
| An Chróit | 17 661 355 | 16 544 497 | 16 357 415 | 16 170 092 | 15 982 770 | - | - | - | - | - |
| An Iodáil | 273 503 734 | 268 765 611 | 259 438 502 | 250 077 347 | 240 716 193 | - | - | - | - | - |
| An Chipir | 4 072 960 | 3 980 718 | 3 845 808 | 3 710 898 | 3 575 989 | - | - | - | - | - |
| An Laitvia | 10 649 507 | 8 854 834 | 8 640 002 | 8 425 170 | 8 210 339 | - | - | - | - | - |
| An Liotuáin | 16 112 304 | 13 717 534 | 13 292 727 | 12 867 920 | 12 443 113 | - | - | - | - | - |
| Lucsamburg | 8 406 740 | 8 147 070 | 7 760 948 | 7 374 826 | 6 988 704 | - | - | - | - | - |
| An Ungáir | 49 906 277 | 43 342 400 | 42 785 010 | 42 227 619 | 41 670 229 | - | - | - | - | - |
| Málta | 2 065 044 | 1 239 449 | 1 187 854 | 1 136 258 | 1 084 663 | - | - | - | - | - |
| An Ísiltír | 98 513 233 | 96 677 516 | 92 920 117 | 89 162 718 | 85 405 318 | - | - | - | - | - |
| An Ostair | 48 768 448 | 47 402 495 | 45 181 662 | 42 960 829 | 40 739 996 | - | - | - | - | - |
| An Pholainn | 215 005 372 | 204 376 828 | 198 630 308 | 192 883 787 | 187 137 267 | - | - | - | - | - |
| An Phortaingéil | 42 526 461 | 40 821 093 | 40 059 679 | 39 296 448 | 38 533 217 | - | - | - | - | - |
| An Rómáin | 87 878 093 | 76 914 871 | 75 837 989 | 74 761 106 | 73 684 224 | - | - | - | - | - |
| An tSlóivéin | 11 403 194 | 11 107 762 | 10 813 744 | 10 515 484 | 10 217 224 | - | - | - | - | - |
| An tSlóvaic | 23 410 477 | 21 151 422 | 20 743 118 | 20 334 813 | 19 926 509 | - | - | - | - | - |
| An Fhionlainn | 28 840 335 | 27 970 110 | 26 626 337 | 25 282 565 | 23 938 792 | - | - | - | - | - |
| An tSualainn | 31 331 358 | 30 731 996 | 29 592 278 | 28 452 560 | 27 312 842 | - | - | - | - | -" |